



Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais

# LE CHÉILE AR MHAITHE LE FOLLÁINE

An méid a tharla ag an gCuairt  
Staidéir i mBeirlín

16-18 Aibreán 2026

## THÁNGAMAR LE CHÉILE I MBEIRLÍN

Tháinig sé dhuine dhéag againn ó Bhallstáit éagsúla an Aontais le chéile i mBeirlín, mar chuid d’Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais, do Chuart Staidéir dar teideal **Le chéile ar mhaithe le Folláine**. Ag Ambasáid na Leanaí, atá á reáchtáil ag SOS Children’s Villages, chaitheamar 2 lá ag fiosrú cad a chuidíonn le leanaí mothú go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil tacaíocht acu, go n-éistear leo, agus go bhfuil siad in ann cuidiú a iarraidh. Ní hamháin go rabhamar ann chun machnamh a dhéanamh — ach chun moltaí a dhéanamh do dhaoine fásta agus do chinnteoirí bunaithe ar ár gcuid smaointe.



## CAD FAOI A BHÍ AN CHUART STAIDÉIR?

Bhí ár gCuart Staidéir dírithe ar **fholláine**: cad a chuidíonn le leanaí mothú go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil tacaíocht acu, go bhfuil meas orthu, agus go n-éistear leo, agus conas is féidir le córais tacaíochta oibriú níos fearr dúinne. Thugamar faoi ghníomhaíochtaí, d’éisteamar le cainteoirí, scrúdaíomar samplaí ó thíortha éagsúla, rinneamar machnamh ar ár dtaithe féin, agus ansin thugamar moltaí do dhaoine fásta agus do chinnteoirí bunaithe ar ár gcuid smaointe.



Bhí dhá chuid i gceist leis an gcuairt:

### Lá 1

trust a chothú, smaointe a roinnt, agus tuiscint a fháil ar cad is tacaíocht ann do leanaí

### Lá 2

tograí, teachtaireachtaí agus moltaí le haghaidh beartais agus cleachtais a dhéanamh bunaithe ar ár gcuid smaointe

## CONAS A THOSAÍOMAR?

Cuireadh tús le Lá 1 ag cuidiú le gach duine a chur ar a gcompord, ag cur fáilte rompu agus á n-ullmhú chun bheith rannpháirteach. Sa seisiún oscailte, chuir **Ayata** agus **Helene, comhaltá de Phainéal Leanaí an Ardáin**, fáilte roimh leanaí, agus roinn siad focail chorráitheacha maidir leis an gcúis a bhfuil tábhacht le guthanna na n-óg agus leis an gcúis ar cheart a bheith dáiríre faoi chúrsaí meabhairshláinte agus folláine.

Chuir **Astrid Brandl, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SOS Children’s Villages sa Ghearmáin**, fáilte roimh chách agus mhínigh sí go bhfuil rannpháirtíocht agus folláine leanaí an-tábhachtach do SOS. Chuir sí i dtábhacht, trí Ambasáid na Leanaí sa Ghearmáin, gur chruthaigh SOS fíorspás fisiciúil inar féidir le leanaí agus le daoine óga labhairt faoi na saincheistanna a dhéanann difear dóibh agus na hábhair sin a thabhairt ar aghaidh.

Mhínigh **Marie-Cécile Rouillon, comhordaitheoir an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta an Linbh**, go bhfuil an mheabhairshláinte ina cuid tábhachtach d’obair an Choimisiúin mar atá, cuir i gcás trí thionscadail a bhaineann le

seirbhísí sláinte, cosaint ar líne, agus le ceart an linbh. Dúirt sí freisin go raibh an Chuart Staidéir tábhachtach toisc gur chuidigh sí linn foghlaim faoina bhfuil ag tarlú i dtíortha éagsúla, cad is féidir a dhéanamh ar bhealach níos fearr, agus conas a d'fhéadfaí na smaointe atá againn a thabhairt chun cinn i bhfoirm moltaí.

Mhínigh **Zahid**, iarchomhalta de **SOS Children's Villages** agus **Chomhairle na nÓg SOS**, gur spás tábhachtach í Ambasáid na Leanaí do dhaoine óga chun labhairt amach agus éisteacht a fháil faoi ábhair atá tábhachtach dóibh agus go bhfuil an Ambasáid in ann fiú na saincheistanna sin a thabhairt ar aghaidh trí achainíocha polaitiúla, díreach cosúil leis an sampla a roinnfí níos déanaí an lá sin.



“Tá sé de cheart againn éisteacht a fháil, agus ba mhaith liom — tuairimí gach duine anseo — a fheiceáil léirithe i mbeartas agus ag cuidiú le níos mó leanaí” - David, an Phortaingéil

## CAD A D'FHOGHLAIMÍOMAR FAOI THACAÍOCHT?

Buaicphointe mór Lá 1 ab ea an seisiún **Cad chuige a n-oibríonn tacaíocht?** faoi stiúir **Helene Wittek**, bunaitheoir agus comh-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin **Dare2Care: Ag obair le chéile ar mhaithe le scoileanna atá láidir ina meon agus ina nasc leis an tsochaí**. D'fhiosraíomar conas a thagann strus chun cinn, conas mothúcháin a thuiscint, agus na cineálacha féinchúraim agus straitéisí déileála atá in ann cuidiú linn. Rinneamar machnamh freisin ar an méid is féidir le scoileanna a dhéanamh chun tacú le folláine daltaí.

Thaispeáin Helene íomhá de 'buicéad struis' dúinn chun a mhíniú conas atá strus in ann teacht chun cinn agus an tábhacht atá le tacaíocht a fháil sula dtéann cúrsaí rófhada. Trí ghníomhaíochtaí, mar shampla an 'méadar giúmar' agus cleachtaí féinchúraim, rinneamar machnamh ar mhothúcháin oscailte, ar strus, agus ar na nithe a chuidíonn linn i gcásanna éagsúla. Dúirt Helene go bhfuil foghlaim mhothúcháin, cumarsáid, comhbhá, bainistiú struis, agus piarthacaíocht de dhíth i scoileanna atá láidir ina meon agus ina nasc leis an tsochaí, agus gur féidir le scoileanna a bheith níos sábháilte nuair a bhíonn na daltaí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí ar fad rannpháirteach.

Bhí **Am Machnaimh** ciúin againn freisin, faoi stiúir an tSaineolaí Óige **Adriyana Vasheva**, chun dánta a chumadh, pictiúir a tharraingt, nó teachtaireachtaí a chruthú faoin méid a sheas amach go dtí sin. Thug sé sin deis dúinn sos a ghlacadh, a thabhairt faoi deara conas a bhíomar ag mothú, agus smaoinemh ar an méid a theastaigh uainn a thabhairt isteach sa chuid eile den lá agus ar an méid a theastaigh uainn a fhágáil inár ndiaidh sa spás a chruthaíomar.



## CAD A D'FHOGLAIMIOMAR FAOI PHARTHACAÍOCHT AGUS FAOI GHUTHANNA NA NÓG?

Ceann de na seisiúin ab fhearr linn ab ea **Spotsolas ar Phiarthacaíocht: Clár Piaráí Meabhairshláinte SOS** faoi stiúir Lucas Meinecke. D'fhiosraíomar conas is féidir le daoine óga tacú le chéile agus, ag an am céanna, tuiscint a fháil ar na teorainneacha atá le piarthacaíocht. Ba léir an teachtaireacht: tá daoine fásta freagrach as cuidiú le leanaí, ní ar leanaí atá an cúram sin. Ní teiripeoirí iad piaraí, ach is féidir leo éisteacht, bá a léiriú agus cuidiú le daoine eile ceangal a dhéanamh le duine fásta iontaofa nó le tacaíocht ghairmiúil. Trí ghníomhaíochtaí agus plé, rinneamar machnamh ar strus, ar straitéisí déileála, agus ar na nithe a dhéanann áit shábháilte agus áit thacúil den scoil.



Amach i Lá 1, ghlacamar páirt i seisiún faoi stiúir **Zahid** agus **Eliot** ó Chomhairle na Leanaí agus na nÓg SOS Children's Villages na Gearmáine.

Léirigh siad dúinn mar a thug daoine óga sa Ghearmáin faoi achainí pholaitiúil bunaithe ar na hábhair inmí a bhí acu faoi chúrsaí meabhairshláinte agus faoi theacht ar theiripe.



Chuireamar eolas ar na príomhchéimeanna atá i gceist:

1

An fhadhb a shainníthint

2

Cinneadh a dhéanamh faoin méid ba cheart a athrú

3

Comghuaillithe a aimsiú

4

An achainí a sheoladh

Scrúdaíomar freisin conas is féidir le daoine óga cuidiú trí fheasacht a mhúscailt, trí na meáin shóisialta a úsáid, trí shínte a bhailiú, agus trí theagmháil a dhéanamh le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil tionchar acu. Chuidigh an seisiún sin linn tuiscint a fháil ar an mbealach a bhfuil daoine óga in ann beart a dhéanamh de réir a mbriathair.

## CONAS A RINNEAMAR 'BALLA TACAÍOCHTA' DE SMAOINTE?

Ag deireadh Lá 1, d'oibríomar le chéile ar **Bhalla Tacaíochta** comhroinnte. Chuidigh sé sin linn catagóirí a dhéanamh de na smaointe a bhí againn maidir le **cosc** agus **cosaint/tacaíocht** agus an eagar a chur ar an méid a bhí cloiste againn feadh an lae. Bhaineamar úsáid as an mballa chun an méid atá ag cuidiú cheana a thaispeáint chomh maith le nithe atá fós in easnamh.

### Seo é a dúramar a chuidíonn mar atá:

- Cairdeas, piarthacaíocht, agus daoine fásta iontaofa
- Tacaíocht teaghlai agus timpeallacht shláintiúil sa bhaile
- Caithimh aimsire, gníomhaíochtaí faoin aer, agus spásanna sábháilte
- Teiripe, beolínte géarchéime, agus áiteanna le labhairt gan bhreithiúnas

### Seo é a dúramar atá fós in easnamh:

- Tuilleadh oideachas mothúchánach, comhbhá agus féinmhúine
- Níos lú stiogma maidir leis an meabhairshláinte
- Teacht níos fearr ar thacaíocht ghairmiúil
- Cumarsáid níos fearr, spásanna sábháilte, agus tacaíocht atá níos éasca le trust

Rinneamar na smaointe sin a nascadh freisin leis na daoine agus leis na córais ar cheart dóibh gníomhú, cuir i gcás scoileanna, teaghlai, seirbhísí sláinte agus sóisialta, rialtais, eagraíochtaí don óige, ardáin ar líne, agus leanaí iad féin.

## CAD A D'FHOGHLAIMÍOMAR Ó THIORTHA EILE?



Cuireadh tús le Lá 2 le seisiún dar teideal **Conas a Thacaíonn Tíortha le Meabhairshláinte Leanaí — Cad a Oibríonn Dúinne?** Bhogamar timpeall ó 'stáisiún tíre' go 'stáisiún tíre' agus bhreathnaíomar ar shamplaí den chaoi ar féidir tacaíocht a eagrú go praiticiúil. Ag gach stáisiún, d'éisteamar, chuireamar ceisteanna, agus thugamar faoi deara cad a bhí cabhrach, cad a cheapamar a bhí in easnamh, agus cad iad na smaointe a bheimis ag iarraidh a thabhairt chun cinn. Thug gach stáisiún tíre dearcadh éagsúil:



**An Chipir** – roinn **Maria Peyioti**, ceannaire coiste parlaiminteach, 'Guthanna Óga ag Múnlú na Todhchaí'. D'fhoghlaimíomar conas atá leanaí agus daoine óga in ann beartais a mhúnlú, bualadh leis na húdaráis náisiúnta, agus a dtuairimí a chur in iúl trí ghrúpaí láidre, trí línte cabhrach, agus trí struchtúir tacaíochta eile.



**Chuir an Pholainn – Łucja Dorota agus Zuzanna**, beirt daltaí meánscoile, ‘3Lab: Saotharlann Nuálaíochta um an Ionad Oibre do Chách’ i láthair. Thaispeáin siad spás pobail dúinn ina gcruthaíonn daltaí tionscadail maidir le hábhair atá tábhachtach dóibh, cuir i gcás bréagaisnéis dhigiteach, sábháilteacht ar líne, agus piarthacaíocht i gcás strus a bhaineann leis an scoil, scrúduithe agus cuir i láthair.



**An Spáinn – chuir Olalla García Pineda**, comhairleoir meabhairshláinte, ‘Tús Áite do Mheabhairshláinte agus d’Fholláine Leanaí agus na nÓg i láthair. Chuireamar eolas ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht luath, daoine fásta a bheith ag obair le chéile, agus a chinntiú go bhfuil duine iontaofa amháin ag leanáí chun iad a threorú tríd an gcuidiú a theastaíonn uathu.



**Chuir an Rómáin – Valeria Ungur**, comhairleoir scoile agus sícíteiripeoir cliniúil, ‘Beartais agus Acmhainní do Scoileanna Sábháilte agus Tacúla’ i láthair. Léirigh sí conas is féidir le scoileanna cuidiú trí fhoghlaim mhothúcháinach, féinfheasacht, tacaíocht luath, agus grúpobair idir daoine fásta.



© European Union



© European Union



© European Union

Le chéile, chuidigh na stáisiúin sin linn a thuiscint gur féidir tacaíocht a eagrú ar bhealaí éagsúla ar fud na dtíortha ach go bhfuil dúshláin agus ceisteanna comhchosúla againn:



**Conas scoileanna a dhéanamh níos sábháilte**



**Conas bacainní ar thacaíocht a laghdú**



**Conas guthanna leanaí a thabhairt isteach**



**Conas córais a thógáil a fhreagraíonn níos fearr do riachtanais leanaí**

## CAD IAD NA NITHE BA THÁBHACHTAÍ DÚINNE?

Trí úsáid a bhaint as an mBalla Tacaíochta agus as na nótaí ó na stáisiúin tíre, d'oibríomar le chéile chun na téamaí is mó ar theastaigh uainn a roghnú agus moltaí do dhaoine fásta agus do chinnteoirí a bhunú orthu sin.

Ar deireadh, bhí ceithre phríomhthéama ann a sheas amach:



Teacht ar theiripe



Stigma meabhairshláinte



Éirim mhothúcháinach



Tacaíocht teaghlaigh



'Is furasta neamhaird a thabhairt ar a bhfuil á rá ag leanaí ó tharla: 'Gur leanaí iad agus fásfaidh siad amach as.' Ach caithfidh tú éisteacht leo in amanna agus glacadh go dáiríre leis an méid atá siad a rá, agus a thrust go bhfuil a fhios acu cad atá ag teastáil uathu' - Eliot, an Ghearmáin

## CAD A MHOLAMAR?

Sna Saotharlanna Beartais, rinneamar fíor-mholtaí bunaithe ar ár gcuid smaointe, moltaí a theastaíonn uainn a chur ina luí ar dhaoine fásta agus ar chinnteoirí. D'oibríomar i ngrúpaí timpeall na dtéamaí tosaíochta agus chruthaíomar Cártaí Beartais.

I gcás gach téama díobh, tháinig ceithre mholadh láidre chun cinn.



### 1. Teacht ar theiripe


- Ba cheart go mbeadh sé níos éasca agus níos tapúla teacht ar theiripe, go mbeadh sí ar fáil trí scoileanna, agus saor in aisce nuair is féidir.
- **Chuireamar i dtábhacht** an easpa gairmithe, an easpa oideachais mhothúchánaigh agus an easpa tacaíochta a bhíonn ann ó thuismitheoirí nuair a bhíonn cuidiú ag teastáil ó leanaí.
- **D'éilíomar** níos mó infheistíochta, níos mó comhair idir seirbhísí, agus eolas níos fearr faoin tacaíocht atá ar fáil.
- **Is féidir le leanaí cuidiú** trí labhairt amach, feasacht a mhúscailt, agus achainíocha a eagrú.






## 2. Éirim mhothúchánach

- Cuidíonn éirim mhothúchánach le strus, le mothúcháin, le comhbhá agus le cumarsáid.
- **Chuireamar i dtábhacht** a thábhachtaí atá beolinte, timpeallacht shláintiúil sa bhaile, teiripe agus spásanna sábháilte.
- **D'éilíomar** tuilleadh oideachas mothúchánach, scileanna cumarsáide níos láidre, agus tacaíocht ghairmiúil níos fearr. Mholamar freisin go dteastaíonn níos mó comhbhá agus tuisciana, beolinte oscailte, tacaíocht anaithnid, agus feacht níos fearr ar fhadhbanna meabhairshláinte.
- **Is féidir le leanaí cuidiú** le comhbhá a chur chun cinn, labhairt amach, agus páirt a ghlacadh i ngrúpaí agus comhairlí óige.




## 3. Stiogma meabhairshláinte

- Is féidir le stiogma eagla, tost agus breithiúnas a chruthú, go háirithe nuair a bhíonn tionchar ag steiréitíopaí ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go n-iompróidh leanaí iad féin.
- **Chuireamar i dtábhacht** go gcuidíonn, mar atá, ceachtanna meabhairshláinte, feachtais, clubanna óige, daoine cáiliúla a labhraíonn amach go hoscailte, agus daoine eile a labhraíonn amach.
- **D'éilíomar** go mbeadh glacadh níos mó ag daoine fásta, go gcuirfí oiliúint ar mhúinteoirí agus go gcuirfí cláir ar fáil do dhaoine fásta. Mholamar freisin teanga níos intuigthe, níos mó feachtas ó bhrandaí agus ó phearsana poiblí, agus úsáid níos cúramaí as na meáin shóisialta.
- **Is féidir le leanaí cuidiú** trí thionscnaimh agus seimineáir faoi stiúir na n-óg bunaithe ar dhearcadh leanaí.




## 4. Tacaíocht teaghlaigh

- Tá tábhacht le tacaíocht teaghlaigh toisc gur eiseamláirí iad tuismitheoirí agus bíonn tionchar ag a n-iompar ar leanaí.
- **Chuireamar i dtábhacht** go bhfuil roinnt tacaíochta ann mar atá, cuir i gcás béilí scoile, feachtais SOS, agus spásanna sábháilte.
- **D'éilíomar** go mbeadh níos mó comhbhá ann, go dtabharfaí tacaíocht níos díri do theaghlaigh, agus go mbeadh bealaí níos éasca ann chun cuidiú a iarraidh. Mholamar freisin tacaíocht níos fearr a bheith ar fáil do thuismitheoirí, níos lú brú acadúil ar dhaltaí (le go mbeadh níos mó ama acu le caitheamh leis an teaghlach), agus líne SOS do theaghlaigh.
- **Is féidir le leanaí cuidiú** trí bheith níos measúla, níos comhbháiche agus níos cúramaí le chéile.







**Tá teachtaireacht agam freisin do na polaiteoiri ar fad agus don domhan mór... Déanaigi nios mó infheistiochta san oíge agus déan cinnte de go bhfuilimid togha agus go bhfuil na hacmhainni cui againn. Agus do na páisti agus na déagóiri uile: ná géilligi go brách, tá cluas á tabhairt do bhur nguthanna, bigi fiosrach i gcónaí, bainigi sult as an saol, agus stadaigi de bheith bhur gcur féin i gcomparáid le chéile. Tá tú togha!**

-Ayata, an Ghearmáin





**#EUChildParticipation**